Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

13150/19

Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0179(COD)

CODEC 1488
TRANS 481
AVIATION 195
PREP-BXT 164

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/501 agus (AE) 2019/502 a mhéid a bhaineann lena dtréimhsí cur i bhfeidhm **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 5 Meán Fómhair 2019, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 91(1) CFAE agus ar Airteagal 100(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 25 Meán Fómhair 2019[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 22 Deireadh Fómhair 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 11940/19.
[2] Gan foilsiú fós san *Iris Oifigiúil*.
[3] 13241/19.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 91/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh ón vótáil.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.